2026/1735

22.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1735 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1569 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin agus na sonraíochtaí is infheidhme

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 45d(5), Airteagal 45e(2), Airteagal 45f(6) agus Airteagal 45f(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun an leibhéal comhchuibhithe is airde a áirithiú i measc na mBallstát maidir le forbairt Tiachóg Eorpach Céannachta Digití, beidh na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh na dtiachóg ag brath ar an obair a rinneadh ar bhonn Mholadh (AE) 2021/946 ón gCoimisiún ([2]) agus go háirithe an creat ailtireachta agus tagartha. Ós rud é go bhfuil forbairt mhór tagtha ar an gcreat ailtireachta agus tagartha ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1569 ón gCoimisiún ([3]), ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1569 a leasú dá réir sin anois chun é a ailíniú leis na caighdeáin agus na sonraíochtaí nua.

(2) I gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, roghnaíodh roinnt caighdeán chun na ceanglais is infheidhme maidir le heisiúint, bainistiú agus fíorú ríomhdhearbhuithe tréithe a chomhlíonadh. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith ina léiriú ar chleachtais sheanbhunaithe agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. I gcás inar gá, ba cheart na caighdeáin sin a oiriúnú nó a chomhlánú chun ardleibhéal slándála agus sláine ríomhdhearbhuithe tréithe a áirithiú, agus idir-inoibritheacht trasteorann agus feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh á n-éascú an tráth céanna. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, leis an Rialachán seo tugtar cothrom le dáta na ceanglais is infheidhme maidir le heisiúint agus cúlghairm ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe agus ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann agus tugtar isteach na ceanglais maidir le torthaí fíorúcháin a shíniú agus a shéalú in aghaidh foinsí barántúla.

(3) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta uile faoin Rialachán seo.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Moladh (AE) 2021/946 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021 maidir le Bosca Coiteann Uirlisí de chuid an Aontais le haghaidh cur chuige comhordaithe i dtreo Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach (IO L 210, 14.6.2021, lch. 51. ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/946/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1569 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe agus ríomhdhearbhuithe tréithe arna soláthar ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann (IO L, 2025/1569, 30.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1569/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([5]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

(4) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus thug sé tuairim uaidh an 17 Aibreán 2026 ([7]).

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1569

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2025/1569 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3, mír 2:

'2. Maidir le soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe agus soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann, i gcás ina n-eiseoidh siad ríomhdhearbhuithe tréithe a áirítear i scéimeanna atá cláraithe i gcatalóg na scéimeanna um dhearbhú tréithe, comhlíonfaidh siad ceanglais na scéime comhfhreagraí um dhearbhú tréithe. Beidh beartais agus nósanna imeachta arna mbunú ag eisitheoirí dearbhuithe chun ceanglais na scéimeanna le haghaidh dearbhú tréithe a chomhlíonadh ina gcuid den mheasúnú comhréireachta a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.'.

(2) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe agus soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann, aon uair a eisítear na dearbhuithe sin a bhfuil tréimhse bhailíochta níos mó ná 24 uair an chloig acu, déanfaidh siad iad a chúlghairm sna himthosca seo a leanas ar a laghad:

(a) arna iarraidh sin don duine ar eisíodh an ríomhdhearbhú tréithe dó nó, i gcás inarb infheidhme, d'ábhar an dearbhaithe;

(b) i gcás ina bhfaigheann an soláthraí amach gur cuireadh slándáil nó iontaofacht na ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe nó na ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann i mbaol;

(c) i gcásanna eile, mar atá ina cheanglas de réir dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta.'.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe agus soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann, bunóidh siad teicnící cúlghairme agus modhanna bainistíochta lena gcaomhnaítear príobháideachas agus lena gcuirtear bac ar nascacht nó inrianaitheacht. Comhlíonfaidh na teicnící cúlghairme na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II.'.

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([7]) Barúlacha foirmiúla ó MECS maidir leis an Dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin agus na sonraíochtaí is infheidhme maidir le clárú páirtithe is úsáideoirí tiachóige | an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

(3) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach tar éis mhír 2:

'2a. Comhlíonfaidh an sásra fíorúcháin na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.'.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Luafar i dtoradh an dearbhaithe cé acu a fíoraíodh nó nár fíoraíodh an tréith agus sonrófar ann an comhlacht earnála poiblí atá freagrach as an bhfoinse bharántúil nó, i gcás inarb infheidhme, an comhlacht earnála poiblí arna ainmniú chun gníomhú thar ceann na foinse barántúla ar fíoraíodh an tréith ina coinne.

Déanfaidh an comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil, nó an t-idirghabhálaí ainmnithe atá aitheanta ar an leibhéal náisiúnta, toradh an fhíoraithe a shíniú nó a shéalú trí úsáid a bhaint as ríomhshíniú ardleibhéil ar a laghad bunaithe ar dheimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshínithe nó ríomhshéala ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí, faoi seach.'.

(4) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

(5) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

(6) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo isteach mar Iarscríbhinn IV.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(3) ón 1 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN I

Liosta na gcaighdeán tagartha agus na sonraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3

Beidh feidhm ag ETSI TS 119 471 V1.1.1 (2025-05), leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(1) 2.1 Tagairtí normatacha:

[1] ETSI EN 319 401 V3.2.1 (2026-01): "Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Ceanglais Bheartais Ghinearálta le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe";

[2] An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht: "Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe" arna bhfoilsiú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ("ENISA");

[3] FIPS PUB 140-3 (2019) "Ceanglais Slándála maidir le Modúil Chripteagrafacha";

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ([1]);

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 ([2]);

[6] ISO/IEC 15408:2022 (codanna 1 go 5): "Slándáil faisnéise, cibearshlándáil agus cosaint príobháideachais – Critéir mheastóireachta maidir le slándáil TF".

(2) 3.1 Téarmaí:
Cuirtear an téarma seo a leanas isteach:

— gaireas cripteagrafach slán: gaireas ag a bhfuil eochair phríobháideach an úsáideora, a chosnaíonn an eochair sin ar chomhréiteach agus a fheidhmíonn feidhmeanna sínithe nó díchriptithe thar ceann an úsáideora

(3) 4. Seirbhísí iontaoibhe EAA

— Ní bheidh feidhm ag clásal 4.2.2.2 "Fíorú tréithe de réir na bhfoinsí barántúla".

— REQ-EAASP-4.2.2.3-02: Déanfaidh an EAASP fíordheimhniú ar an gcás de chuid na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití trí shásraí fíordheimhnithe fhrithpháirtigh a chur chun feidhme ina n-úsáidtear deimhniú rochtana bailí.

— REQ-EAASP-4.2.2.3-03: Déanfaidh an EAASP aonad na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití a bhailíochtú, agus *cé acu a chúlghairtear nó nach gcúlghairtear an gcás de chuid na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití.*

— *Ní bheidh feidhm ag* Clásal *4.3.2* "*Sonrach don Tiachóg Eorpach Céannachta Digití*".

(4) 6.1 Ráiteas cleachtais EAAS:

— REQ-EAASP-6.1-02: Déanfaidh an EAASP an sásra cúlghairme a dhoiciméadú i ráiteas cleachtais an EAAS

(5) 6.3 Beartas slándála faisnéise:

— REQ-EAASP-6.3-02: Bunóidh an EAASP nósanna imeachta chun fógra a thabhairt don chomhlacht maoirseachta faoi aon athrú ar sholáthar na seirbhíse iontaoibhe ríomhdhearbhaithe tréithe agus faoin rún scor de na gníomhaíochtaí sin, i gcomhréir le ceanglais ghnó agus le dlíthe agus rialacháin ábhartha, lena n-áirítear a bheith i gcomhréir le ceanglais na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Tabharfaidh an EAASP fógra don chomhlacht maoirseachta ar a laghad:

— mí amháin sula gcuirfear aon athrú chun feidhme;

— 3 mhí roimh an scor atá beartaithe maidir le soláthar seirbhísí iontaoibhe.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le glacadh na scéime Eorpaí um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (SEDC) (IO L, 2024/482, 7.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/482/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme agus lena gceartaítear an Rialachán Cur Chun Feidhme sin (IO L, 2024/3144, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3144/oj).

(6) 7.5 Rialuithe cripteagrafacha:

— REQ-EAASP-7.5.2-05: ar neamhní

— REQ-EAASP-7.5.2-06: ar neamhní

— REQ-EAASP-7.5.3-01A: Beidh rialuithe slándála iomchuí i bhfeidhm chun aon eochair chripteagrafach, aon algartam cripteagrafach agus aon ghaireas cripteagrafach a bhainistiú ar feadh a saolré, agus cur chuige lúfaireachta cripteagrafaí á leanúint, i gcás inarb iomchuí.

— REQ-EAASP-7.5.3-01B: Chun a sheirbhísí iontaoibhe a sholáthar, roghnóidh agus úsáidfidh an EAASP teicnící cripteagrafacha oiriúnacha a chomhlíonann na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [2].

— REQ-EAASP-7.5.3-02: Áiritheoidh an EAASP gur gaireas cruthaithe sínithe nó séala cáilithe é an gaireas cripteagrafach slán a úsáideann sé le haghaidh shíniú digiteach nó shéala digiteach an EAA agus go gcruthófar na sínithe digiteacha nó na séalaí digiteacha eile uile a úsáidtear chun seirbhís iontaoibhe ríomhdhearbhaithe tréithe chomhfhreagrach, nó cuid di, a sholáthar trí bhíthin gaireas cripteagrafach slán ar córas iontaofa é atá deimhnithe i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) Critéir Choiteanna maidir le Meastóireacht ar Shlándáil na Teicneolaíochta Faisnéise, mar a leagtar amach i gCritéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, leagan 3.1 (CC3.1) go dtí an 31.8.2027 nó i leagan CC:2022, Codanna 1 go 5, arna bhfoilsiú ag rannpháirtithe an tSocraithe maidir le Deimhnithe Critéar Coiteann a Aithint i réimse na Slándála TF, nó mar a leagtar amach in ISO/IEC 15408 [6], deimhnithe do EAL 4 nó níos airde, nó

(b) an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (SEDC) [4][5] agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

(c) FIPS-140-2 leibhéal 3 atá le húsáid go dtí an 31.8.2027 le haghaidh córais dheimhnithe atá ann cheana nó FIPS PUB 140-3 [3] leibhéal 3 go dtí an 31.12.2030.

Déanfar an deimhniú sin chuig sprioc slándála nó próifíl chosanta, nó chuig dearadh modúil agus doiciméadacht slándála, a chomhlíonann ceanglais an doiciméid seo, bunaithe ar anailís riosca agus bearta slándála fisiceacha agus neamhtheicniúla eile á gcur san áireamh.

Má bhaineann an gaireas cripteagrafach slán tairbhe as deimhniú SEDC [4][5], déanfar an gaireas sin a chumrú agus a úsáid i gcomhréir leis an deimhniú sin.

— REQ-EAASP-7.5.5-01: ar neamhní

— REQ-EAASP-7.5.5-02: ar neamhní

— REQ-EAASP-7.5.5-04: ar neamhní

(7) 7.9 Leochaileacht agus Bainistiú teagmhas:

— REQ-EAASP-7.9-02: Cuirfear íogaireacht aon fhaisnéise arna bailiú nó arna hanailísiú san áireamh sna gníomhaíochtaí faireacháin.

(8) 7.12 Foirceannadh agus pleananna foirceanta EAASP agus EAAS:

— REQ-EAASP-7.12-04: Comhlíonfaidh plean foirceanta an EAASP na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].'.

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN II

Na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4

Soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe agus soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann, eiseoidh siad a ndearbhuithe i gcomhréir le ceann amháin ar a laghad de na caighdeáin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979 ón gCoimisiún ([1]) agus cuirfidh siad na teicnící cúlghairme ábhartha i bhfeidhm, a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979 ón gCoimisiún freisin.'.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2979 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sláine agus croífheidhmiúlachtaí na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití (IO L, 2024/2979, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2979/oj).

IARSCRÍBHINN III

'IARSCRÍBHINN IV

Liosta na gcaighdeán agus na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 9

Comhlíonfaidh na sásraí fíorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9 ceann amháin nó an dá cheann de na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach i gclásal 6.1.1 de ETSI TS 119 478 V1.1.1 (2026-01) - Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Sonraíocht na gcomhéadan a bhaineann le Foinsí Barántúla;

— REQ-ASIP-6.1.1.2-04-01 [COINNÍOLLACH]: I gcás inarb é http://uri.etsi.org/19478/VerificationResult/Match nó http://uri.etsi.org/19478/VerificationResult/MatchWithVariation atá san attributeVerificationResult, d'fhéadfadh gné attributeValue a bheith sa attributeVerificationResult.

— REQ-ASIP-6.1.1.2-04-02 [COINNÍOLLACH]: I gcás inarb é http://uri.etsi.org/19478/VerificationResult/Match an attributeVerificationResult a gheofar ar ais, agus go mbeidh gné attributeValue sa attributeVerificationResult, ansin beidh an luach sa ghné attributeValue mar atá san iarraidh.

— REQ-ASIP-6.1.1.2-04-03 [COINNÍOLLACH]: I gcás inarb é http://uri.etsi.org/19478/VerificationResult/MatchWithVariation an attributeVerificationResult a gheofar ar ais, agus go mbeidh gné attributeValue sa attributeVerificationResult, ansin beidh luach na tréithe mar atá sé stóráilte san fhoinse bharántúil sa ghné attributeValue.

— REQ-ASIP-6.1.1.2-06-04-01 [COINNÍOLLACH]: I gcás inarb é http://uri.etsi.org/19478/VerificationResult/Match nó http://uri.etsi.org/19478/VerificationResult/MatchWithVariation atá sa fragmentVerificationResult, d'fhéadfadh gné fragmentValue a bheith sa attributeVerificationResult.

— REQ-ASIP-6.1.1.2-06-04-02 [COINNÍOLLACH]: I gcás inarb é http://uri.etsi.org/19478/VerificationResult/Match an fragmentVerificationResult a gheofar ar ais, agus go mbeidh gné fragmentValue sa attributeVerificationResult, ansin beidh an luach sa ghné fragmentValue mar atá san iarraidh.

— REQ-ASIP-6.1.1.2-06-04-03 [COINNÍOLLACH]: I gcás inarb é http://uri.etsi.org/19478/VerificationResult/MatchWithVariation an fragmentVerificationResult a gheofar ar ais, agus go mbeidh gné fragmentValue sa attributeVerificationResult, ansin beidh luach na blogha den tréith mar atá sé stóráilte san fhoinse bharántúil sa ghné fragmentValue.

(b) na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach i gclásal 6.2.3 de ETSI TS 119 478 V1.1.1 (2026-01) - Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Sonraíocht na gcomhéadan a bhaineann le Foinsí Barántúla.

— REQ-ASIP-6.2.3.2.1-08-04: D'fhéadfadh maceilimint amháin go díreach de chuid na rogha TextValue, XMLValue nó AttributeProperties a bheith san áireamh sa ghné AttributeVerificationResponse.'.